*Tuarascáil maidir le*

# Páistí, Daoine óga agus na hEalaíona





the arts council
an chomhairle ealaíon




# Clár

04 Maidir leis an tuarascáil seo

06 Maidir leis na páistí agus daoine óga

08 An méid a dúirt páistí idir 3 agus 5 bliana d'aois faoi na healaíona

10 An méid a dúirt páistí idir 5 agus 7 bliana d'aois faoi na healaíona

12 An méid a dúirt páistí uathacha idir 6 agus 13 bliana d'aois faoi na healaíona

14 An méid a dúirt páistí agus daoine óga faoi na healaíona sna suirbhéanna

*Maidir leis an tuarascáil seo*

## Pléitear sa tuarascáil seo torthaí taighde a rinne an Chomhairle Ealaíon sa bhliain 2022 le páistí agus daoine óga maidir leis na healaíona.

Ghlac cuid acu páirt i gceardlanna ina réamhscoil nó scoil, agus d'fhreagair formhór acu suirbhé ina scoil nó ina ngrúpa óige.

Theastaigh ón gComhairle Ealaíon a gcuid tuairimí a fháil chun plean a chur le chéile d'ealaíona páistí agus daoine óga.





*Áirítear i measc na n-ealaíon:*

- **Rince**
- **Ceol**
- **Scéalta**
- **Filíocht**
- **Scannán**
- **Péintéireacht**
- **Drámaí a chur ar bun, dul chuig seónna**
- **Déanamh agus tógáil**
- **Agus go leor leor eile**

# Maidir leis na páistí agus daoine óga



**Ghlac 676 páiste agus duine óg ar fud na hÉireann páirt sa taighde ar an iomlán.**

Tháinig siad ó chathracha, ó bhailte agus ceantair tuaithe agus go leor cúlraí éagsúla, ina measc sin: Cainteoirí Gaeilge; daoine óga den Lucht Siúil; leanaí agus daoine óga nach minic a chloistear uathu; agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste.

D'fhreagair **424 duine óg**
**Idir 8 – 12 bhliain d'aois ...**
suirbhé do pháistí.

D'fhreagair **179 duine óg**
**Idir 12 – 19 mbliana d'aois ...**
suirbhé do dhaoine óga.

Ceistíodh **17 bpáiste**
**Idir 3 – 5 bliana d'aois ...**
i gcreis maidir leis na healaíona.

Ceistíodh **48 páiste**
**Idir 5 – 7 mbliana d'aois ...**
sa bhunscoil maidir leis na healaíona.




Ghlac **8 páiste**
**Idir 6 – 13 bliana d'aois ...**
a raibh uathachas orthu páirt sa taighde.




# An méid a dúirt páistí idir 3 agus 5 bliana d'aois faoi na healaíona

Taitníonn ceol agus canadh, damhsa, péinteáil, tarraingt agus dathú isteach, éisteacht le scéalta, spraoi samhlaíochta agus Lego leo.

## Braitheann siad sona, maith, tógtha, suaimhneach, agus spraíúil nuair a ghlacann siad páirt sna healaíona.



Déanann siad ealaíon/gníomhaíochtaí cruthaitheacha sa bhaile, ina ngairdín, ar a mbóthar, i dtithe gaolta leo.




Déanann siad ealaíon/gníomhaíochtaí cruthaitheacha lena gcairde, oibrithe cúram leanaí, agus ealaíontóirí a thagann ar cuairt go dtí a gcreis; lena siblíní, lena dtuismitheoirí, agus lena seantuismitheoirí sa bhaile.

# An méid a dúirt páistí idir 5 agus 7 mbliana d'aois faoi na healaíona







## Taitníonn amhránaíocht, damhsa, drámaíocht, spraoi samhlaíochta, agus rudaí a dhéanamh leo.

Braitheann siad sona, maith, deas, spraíúil, tógtha, bródúil, agus compordach nuair a ghlacann siad páirt sna healaíona.




Déanann siad ealaíon/gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar scoil, sa bhaile, taobh amuigh agus ina ngairdíní.

## Ba mhaith leo níos mó déanamh agus tógála, drámaíochta, damhsa, péinteála, obair le cré agus dealbhóireachta agus ceardaíochta a dhéanamh.

# An méid a dúirt páistí idir 6 agus 13 bhliana d'aois a raibh uathachas orthu faoi na healaíona

Glacann siad páirt sna healaíona/i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha ina scoil leis an múinteoir ealaíne agus ealaíontóirí a thagann ar cuairt, ar thurais scoile, i meánscoil áitiúil, agus sa bhaile.







Is maith leo canadh, ceol, uirlisí a sheinm, damhsa, spraoi samhlaíochta, scannánaíocht, dul go dtí an phictiúrlann, cleasa sorcais a fhoghlaim, déanamh agus tógáil, rudaí a chruthú agus códú

Taitníonn ealaíona agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha a bhfuil eispéiris chéadfacha mar chuid dóibh leo



Is féidir le heispéiris chéadfacha suaimhneas a chur ar pháistí a bhfuil uathachas orthu

**Baineann siad sult as eispéiris chruthaitheacha a mbaineann gluaiseacht leo m.sh. dul sa tóir ar eitleáin pháipéir.**

# Cén chaoi a mothaíonn páistí agus daoine óga mar thoradh ar na healaíona?

An méid a dúirt páistí agus daoine óga a d'fhreagair an suirbhé...

*Leanaí idir 8 agus 12 bliana d'aois*
*Daoine óga idir 12 agus 19 mbliana d'aois*

Sásta
67.9%

Sásta
32%

Suaimhneach / Socair
25.4%

Suaimhneach / Socair
19.3%

Go maith / Go hiontach / Ar fheabhas
19.3%

Go maith / Go hiontach / Ar fheabhas
19.5%

Cruthaitheach
18.3%

Cruthaitheach
9.4%

Taitneamh / Spraoi
16%

Faoi strus / Mífhoighneach / Faoi bhrú
10.3%

Tógtha
10.8%

Dírithe
8.2%

Neirbhíseach / Faiteach / Imníoch
5.2%

Léiritheach / Samhlaíoch
8.2%

# Cá háit a dtaitníonn sé le páistí agus daoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha?

*Leanaí idir 8 agus 12 bliana d'aois*



**Is iad na háiteanna ina mbíonn páistí rannpháirteach sna healaíona ná:**

- Scoil — 73.8%
- Baile — 47.2%
- Taobh amuigh — 29.5%
- Tithe cairde / muintire — 5.2%
- Áit ar bith / I ngach áit — 3.8%
- Shhhh Spásanna ciúine — 1.7%

## Is iad na háiteanna ina mbíonn páistí rannpháirteach sna healaíona ná:

- Amharclannaíocht – 4.1%
- Clubanna Óige – 13.3%
- Scoil – 65.3%
- Baile – 46.2%
- Taobh amuigh – 11%
- Cairde – 6.9%
- Áit ar bith / I ngach áit – 4.6%
- Spásanna ciúine – 4.1%

## Céard iad na healaíona ba mhaith le páistí a thriail nó a dhéanamh níos minice?

**Péinteáil & Dathú**
30%

**Aisteoireacht & Drámaíocht**
25%

**Beochan / Beochan Digiteach**
9.7%

**Cré**
22.2%

**Cócaireacht / Bácáil / Maisiú**
11.1%

**Rince**
10.1%

**Tarraingt & Sceitseáil**
25%

**Ceol / Amhránaíocht**
17.2%

**Foirgníocht / Tógáil**
17.2%

## Céard iad na healaíona / gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar mhaith le daoine óga triail a bhaint astu nó a dhéanamh níos minice?

**Péinteáil**
32%

**Cré / Dealbhóireacht / Potaireacht**
16.6%

**Beochan**
6%

**Aisteoireacht & Drámaíocht**
25.4%

**Rince**
7.7%

**Tarraingt / Sceitseáil**
20.7%

**Spraephéinteáil / Graifítí**
7.1%

**Ceol**
27.2%

# Cad a chuireann bac ar dhaoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha?



| | |
|---|---|
| Náire, Piarbhrú & Bulaíocht | 23.7% |
| Scoil, Staidéar & Obair bhaile | 21.9% |
| Easpa Ama | 15.4% |
| Easpa Rochtana ar na hEalaíona | 15.4% |
| Costas | 14.8% |
| Easpa Muiníne | 12.4% |
| Eagla roimh Theip / Imní | 11.3% |
| Spórt & Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim | 8.9% |
| Tuismitheoirí/ Easpa Spreagtha | 7.1% |

# Cén chaoi ar féidir linn cabhrú le níos mó páistí agus daoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona?








**LEANAÍ IDIR 8 AGUS 12 BLIANA D'AOIS**

**39.2%**
Níos mó gníomhaíochtaí ealaíon scoilbhunaithe

**34.3%**
Comhairliúchán le leanaí maidir leis na healaíona

**10.8%**
Ranganna ealaíon, ceardlanna, grúpaí agus soláthairtí saor in aisce

**7.8%**
Níos mó airgid a thabhairt do na healaíona

**6.1%**
Tuilleadh áiseanna ealaíon

**5.7%**
Cabhrú/Tacú le leanaí

**5.7%**
Níos mó gníomhaíochtaí spraíúla

**DAOINE ÓGA IDIR 12 AGUS 19 MBLIANA D'AOIS**

**34%**
Níos mó gníomhaíochtaí ealaíon scoilbhunaithe

**31.4%**
Tuilleadh maoinithe do na healaíona

**21.8%**
Tuilleadh áiseanna ealaíon

**17.3%**
Tuilleadh grúpaí/tionscadal ealaíon

**9.6%**
Tuilleadh poiblíochta/fógraíochta maidir leis na healaíona

**5.1%**
Cabhair / tacaíocht do pháistí agus daoine óga páirt a ghlacadh sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha

**Is mian leis an gComhairle Ealaíon buíochas a ghabháil leis na leanaí agus daoine óga ar fad a roinn a gcuid tuairimí. Gabhaimid buíochas speisialta leis na grúpaí comhairleacha leanaí agus daoine óga a chabhraigh na suirbhéanna a fhorbairt agus a dhearadh, agus an tuarascáil seo a réiteach.**

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis na múinteoirí agus na ceannairí grúpaí óige a chomhordaigh na suirbhéanna dá gcuid grúpaí; na healaíontóirí a d'éascaigh fócasghrúpaí; Kids' Own Publishing Partnership a d'éascaigh na grúpaí comhairleacha leanaí agus daoine óga; ár bhfoireann Scoileanna Ildánacha a chabhraigh linn plé le réimse leathan scoileanna timpeall na tíre; Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus Seirbhísí Óige Involve a chabhraigh linn teagmháil a dhéanamh le grúpaí óige éagsúla; agus an taighdeoir Sandra Roe a d'oibrigh linn ar an tionscadal.









**Sonraí na n-íomhánna in ord taispeána:**

Branar, Sruth na Teanga, 2021

Helen MacMahon, Hesperidae, 2019
© Bailiúchán na Comhairle Ealaíon

Íomhá ó cheardlann chomhairliúcháin
na Comhairle Ealaíon, 2022

Dance Limerick, Step Up
Dance Project, 2019

Selma Daniel, AdoleTa!, 2019

Íomhá ó cheardlann chomhairliúcháin
na Comhairle Ealaíon, 2022

Towers and Tales Festival, 2021

Kids' Own, TADA! Exhibition, Baboró
International Festival for Children, 2021

Íomhánna ó cheardlann chomhairliúcháin
na Comhairle Ealaíon, 2022

Highlanes Gallery, 2014

Ceardlann Ghrúpa Comhairleach Óige na
Comhairle Ealaíon agus Kids' Own, 2021

Irish Chamber Orchestra, Sing
out with Strings, 2014

Jess Rowell, Making Waves, 2023

Unwrapped, Suiteán Fuinneoige,
Leabharlann Thamhlachta, 2020

Selma Daniel, AdoleTa!
(rehearsal image), 2018

Tumble Circus, Cycle Circus, 2021

Irish Modern Dance Theatre, Feathers, 2015

Theatre Lovett, The True Story
of Hansel and Gretel, 2015

Baboró International Festival for
Children, Tiny Mutiny, 2022

Young Irish Film Makers, NYCI
Youth Arts Showcase, 2014

Benjamin De Burca and Barbara Wagner,
Rise, 2018 © Bailiúchán na Comhairle Ealaíon

Baboró International Festival for
Children, Tiny Mutiny, 2022

Théatre de la Guimbarde, Cache-
Cache, Baboró International
Festival for Children, 2018

Julianstown Youth Orchestra, 2017

Íomhá ó cheardlann chomhairliúcháin
na Comhairle Ealaíon, 2022

Ceardlann Ghrúpa Comhairleach
Óige na Comhairle Ealaíon, 2023












the arts council
an chomhairle ealaíon

artscouncil.ie